

**RABHADH**

Ná déan dearmad an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar.



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2007

STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL  
(180 MARC)

DÉ MÁIRT, 12 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 2.00 – 3.30

STAMPA AN IONAIÐ

SCRÚDUIMHIR

FREAGAIR GACH CEIST, 1, 2, 3 AGUS 4.

FREAGAIR NA CEISTEANNA 1, 2 AGUS 3 SNA SPÁSANNA ATÁ ANN  
CHUIGE SIN AR AN SCRÚDPHÁIPÉAR.

FREAGAIR CEIST 4 I DO FHREAGARLEABHAR.

**CUIR AN PÁIPÉAR SEO ISTEACH LE DO FHREAGARLEABHAR**

**1. PICTIÚIR**  
(35 marc)

Déan staidéar ar na pictiúir A, B agus C a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

(a) **PICTIÚR A**

*I bpictiúr A, taispeántar leathanach as an lámhscríbhinn dhaite, Leabhar Cheanannais.*

- (i) Tabhair píosa **amháin** fianaise as pictiúr A a thaispeánann gur ealaíontóirí oilte a rinne Leabhar Cheanannais.

.....  
.....  
.....(3)

- (ii) Cuir **X** sa bhosca in aice leis an bhfreagra ceart:

*Manaigh a rinne cóipeanna de lámhscríbhinní agus a rinne iad a dhathú, is éard a thugtaí orthu ná:*

1. Draoithe   
2. Giollaí   
3. Scríobhaithe

(4)

- (iii) Cuir **X** sa bhosca in aice leis an bhfreagra ceart:

*Rinneadh lámhscríbhinní i seomra oibre ar a dtugtaí:*

1. Cillín   
2. Teach screaptra   
3. Proinnteach

(4)

(b) **PICTIÚR B**

*I bpictiúr B, taispeántar ridirí ag ionsaí baile mór sa Mheánaois.*

- (i) As pictiúr B, ainmnigh **dhá** ghléas troda a d'úsáid na ridirí a bhí ag ionsaí an bhaile mhóir sa Mheánaois.

.....  
.....(2)

- (ii) Ainmnigh **dhá** ghné chosanta chun ionsaí ó naimhde a chosc atá ag baint le foirgnimh an bhaile mhóir.

**Gné 1** .....(3)

**Gné 2** .....(3)

- (iii) Cé is moite d'ionsaithe, ainmnigh fadhb **amháin** a bhí le sárú ag na daoine a raibh cónaí orthu i mbailte móra sa Mheánaois.

.....  
.....(4)

(c) **PICTIÚR C**

*I bpictiúr C taispeántar póstaer bolscaireachta ó thréimhse an Dara Cogadh Domhanda.*

(i) Cad é an chomhairle thábhachtach a thugtar i bpictiúr C?

.....  
.....(2)

(ii) As pictiúr C, ainmnigh grúpa **amháin** a mbeadh an seans ann go n-úsáidfeadh an namhaid bolscaireacht ina choinne.

.....  
.....(2)

(iii) De réir phictiúr C, cén fáth ar bhain “Hitler agus na Seapánaigh” úsáid as an mbolscaireacht?

.....  
.....  
.....  
.....(4)

(iv) Cé is moite de phóstaer, ainmnigh modh **amháin** chun bolscaireacht a scaipeadh.

.....(4)

**2. DOICIMÉID**  
(35 marc)

Déan staidéar ar an **dá** dhoiciméad, **1** agus **2**, a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

(a) **Doiciméad 1**

*Sliocht is ea é seo as litir a scríobh mairnéalach Spáinneach ar tharla longbhriseadh dó in Éirinn sa 16ú haois.*

- (i) Cén cineál tithe ina raibh cónaí ar na hÉireannaigh *fiáine*?  
.....(2)
- (ii) Cén fáth ar ól siad bainne géar?  
.....(2)
- (iii) *‘Tugann na daoine seo Críostaithe orthu féin.’*  
Tabhair píosa **amháin** fianaise as an sliocht a thaispeánann gur Críostaithe iad na hÉireannaigh.  
.....(2)
- (iv) Cén chúis a thugann an scríbhneoir chun a mhíniú go raibh na hÉireannaigh cairdiúil leis na Spáinnigh?  
.....(3)
- (v) Conas a chabhraigh an taoiseach leis an scríbhneoir díreach i ndiaidh don longbhriseadh tarlú?  
.....  
.....  
.....(4)
- (vi) Ainmnigh plandáil **amháin** a cuireadh i gcrích in Éirinn sa 16ú nó sa 17ú haois agus an rialtóir a chuir i gcrích í.

**Plandáil:** \_\_\_\_\_

**Rialtóir:** \_\_\_\_\_ (4)

(b) **Doiciméad 2**

*Sliocht is ea é seo as cuntas ó bhéal a thug Martin Walton. Tugann sé cuntas ar an bpáirt a ghlac sé in imeachtaí Éirí Amach na Cásca, 1916.*

- (i) Cén aois a bhí ag an scríbhneoir nuair a chuaigh sé isteach sna hÓglaigh?  
.....(2)
- (ii) Cén traenáil mhíleata a cuireadh air?  
.....  
.....(2)
- (iii) Cén fáth ar thóg Tomás Mac Donncha a n-ainmneacha?  
.....  
.....(2)
- (iv) Tabhair cúis **amháin** nach raibh an scríbhneoir páirteach sa troid Luan Cásca 1916.  
.....  
.....(2)
- (v) Cad a rinne a thuismitheoirí chun iarracht a dhéanamh é a stopadh ó bheith páirteach san Éirí Amach?  
.....  
.....(2)
- (vi) *'Radharc dearóil ainnis ba ea é.'*  
Cad iad na rudaí a chonaic an scríbhneoir i Sráid Uí Chonaill?  
.....  
.....  
.....(4)
- (vii) Cé is moite d'fhoinsí ó bhéal, tabhair sampla **amháin** d'fhoinse phríomha a úsáideann staraithe chun eolas a fháil ar an am atá thart.  
.....  
.....(4)

**3. CEISTEANNA GEARRFHREAGRAÍ**  
(60 marc)

Freagair **DEICH** gcinn de na ceisteanna seo a leanas. Is fiú 6 mharc an ceann iad.

- (i) Is éard atá i gceist leis an téarma *Daonáireamh* ná an daonra a chomhaireamh go hoifigiúil. Fíor nó Bréagach?  
.....(6)
- (ii) Luaigh ainm sibhialtachta **amháin** taobh amuigh d'Éirinn a ndearna tú staidéar uirthi. Scríobh síos fíric **amháin** faoin *reiligiún* nó faoin *adhlacadh* sa tsibhialtacht sin.  
Sibhialtacht: .....  
Fíric: .....(6)
- (iii) *Fiagaithe cnuasaitheoirí* ba ea na hÉireannaigh ba thúisce. Cad a thuigtear leis an téarma sin?  
.....(6)
- (iv) Ainmnigh an tuama pasáiste seo ón Nua-Chlochaois.   
.....(6)
- (v) Ainmnigh miotal **amháin** a d'úsáid na Ceiltigh chun uirlisí agus airm a dhéanamh.  
.....(6)
- (vi) Ainmnigh seirbhís **amháin** a chuir na mainistreacha ar fáil do mhuintir na háite sa Mheánaois.  
.....(6)
- (vii) Sa Mheánaois, cad a bhí sa *Ghalar Dubh*?  
.....(6)
- (viii) Cén t-aireagán ón Renaissance a chuir leis an méid leabhar a bhí ar fáil, a scaip tuairimí nua agus a spreag níos mó daoine chun bheith ag léamh agus ag scríobh?  
.....(6)
- (ix) Ainmnigh taiscéalaí **amháin** agus áit nó bealach a rinne an taiscéalaí sin a fhionnadh.  
Taiscéalaí: .....  
Fionnadh: .....(6)
- (x) Cad ba *Charbhal* ann i Ré na Fionnachtana?  
.....(6)
- (xi) Ainmnigh leasaitheoir creidimh **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air agus luaigh pointe **amháin** as an teagasc a bhí ag an leasaitheoir sin.  
Leasaitheoir:.....  
Teagasc: .....(6)

- (xii) Cén t-athrú a tháinig ar an Eaglais Chaitliceach de thoradh an Reifirméisin?  
.....(6)
- (xiii) Maidir le ceann **amháin** de na réabhlóidí i Meiriceá **nó** sa Fhrainc **nó** in Éirinn san ochtú haois déag, ainmnigh ceannaire ar an réabhlóid sin **agus** ainmnigh imeacht a bhain leis an réabhlóid sin.  
Ceannaire: .....  
Imeacht: .....(6)
- (xiv) Luaigh mí-bhuntaíste **amháin** a bhain le córas na bpáirceanna neamhfháilaithe sa Bhreatain roimh an Réabhlóid Talmhaíochta.  
.....  
.....(6)
- (xv) Ainmnigh modh nua **amháin** chun earraí a iompar a ndearnadh forbairt air sa Bhreatain sa Réabhlóid Tionsclaíochta.  
.....(6)
- (xvi) Cén tionchar a bhí ag an nGorta Mór (1845-1850) ar dhaonra na hÉireann?  
.....(6)
- (xvii) Scríobh síos ainm mná **amháin** ar a bhí ina hAire Rialtais in Éirinn ó 1922 i leith.  
**NÓ**  
Luaigh athrú **amháin** ar shaol na hoibre in Éirinn ó 1945 i leith.  
.....  
.....(6)
- (xviii) Scríobh síos firic **amháin** mar gheall ar Éirinn i rith na hÉigeandála, 1939-1945.  
**NÓ**  
Ainmnigh athrú **amháin** ar an oideachas in Éirinn ó 1922 i leith.  
.....  
.....(6)
- (xix) Ainmnigh ceannaire amháin sa *Chaidreamh Idirnáisiúnta san Fhichiú hAois* agus luaigh éacht **amháin** a rinne an ceannaire sin.  
Ceannaire: .....  
Éacht: .....(6)
- (xx) Mínigh ceann **amháin** de na téarmaí seo a leanas a bhaineann le *Caidreamh Idirnáisiúnta san Fhichiú hAois*:  
*Blitzkrieg; Cogadh Fuar; Díchoilíniú; Plean Schuman.*  
.....  
.....(6)

**4. PEARSANA SA STAIR**  
(50 marc)

**Freagair A agus B**

- A.** Roghnaigh duine **amháin** de na daoine a ndéantar cur síos orthu thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin. Más mian leat, is féidir leat na leideanna a úsáid chun cabhrú leat i do fhreagra. Scríobh an teideal a roghnaíonn tú ag barr do chuntais.
- (i) **Seandálaí i mbun oibre**  
LEIDEANNA: \* láthair a roghnú \* uirlisí a úsáidtear  
\* láthair a thochailt \* dáta á chur leis na hábhair a fhaightear  
(25)
- (ii) **Ceardaí i mbaile mór sa Mheánaois**  
LEIDEANNA: \* Traenáil \* Gnáthshaol sa bhaile mór  
\* Saol na hoibre \* Siamsaíocht  
(25)
- (iii) **Ealaíontóir ón Renaissance a ainmníonn tú**  
LEIDEANNA: \* Óige agus traenáil \* Modhanna nua péintéireachta  
\* Pátrúin \* Príomhshaothair  
(25)
- B.** Roghnaigh duine **amháin** de na daoine a ndéantar cur síos orthu thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin. Más mian leat, is féidir leat na leideanna a úsáid chun cabhrú leat i do fhreagra. Scríobh an teideal a roghnaíonn tú ag barr do chuntais.
- (i) **Úinéir monarchan nó úinéir mianaigh i Sasana timpeall 1850**  
LEIDEANNA: \* Mar a ritheadh an gnó \* Sláinte agus cothú  
\* Dálaí maireachtála \* Caithimh aimsire agus siamsaíocht  
(25)
- (ii) **Ceannaire rialtais a ainmníonn tú in Éirinn tar éis 1945**  
LEIDEANNA: \* Ainm an cheannaire \* Éachtaí an cheannaire  
\* Deacrachtaí a bhí le sárú aige/aici \* Aon eolas ábhartha eile  
(25)
- NÓ**
- Seandúine ag caint mar gheall ar athruithe faoin tuath nó sna bailte móra san fhichiú haois**  
LEIDEANNA: \* Athruithe sa tithíocht \* Athruithe i gcúrsaí scíthe agus sa tsiamsaíocht  
\* Athruithe san iompar agus sa chumarsáid \* Athruithe ar ról na mban  
(25)
- (iii) **Ceannaire a raibh baint aige/aici le ceann amháin de na himeachtaí idirnáisiúnta seo thíos san Fhichiú hAois**
- An Cogadh san Eoraip 1939-1945
  - Géarchéim le linn theacht i dtreis na nOllchumhachtaí (Imshuí Bheirlín; Cogadh na Cóiré; Géarchéim na nDiúracán i gCúba)
  - Céimeanna i dtreo na haontachta san Eoraip 1945-1992
  - An Choimhlint ar son na saoirse san Afraic nó san Áis.
- LEIDEANNA: \* Ainm an cheannaire \* Éachtaí an cheannaire  
\* Deacrachtaí a bhí le sárú aige/aici \* Aon eolas ábhartha eile  
(25)